

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gá an téarma ‘tionscnamh eitneach’ in Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43 <sup>(1)</sup> a léiriú mar théarma a chiallaíonn, in imthosca amhail na cinn sa chás seo — i gcás, faoi Dhlí na Danmhairge maidir le tithíocht shóisialta, nach mór laghdú a bheith ann ar chion na tithíochta teaghlaigh shóisialta i ‘limistéir chlaochlaithe’, agus i gcás inar coinníoll é le haghaidh catagóiríú mar limistéar claochlaithe gur ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha neamh-Iarthair’ iad níos mó ná 50 % de na cónaitheoirí i limistéar tithíochta — a chumhdaíonn grúpa daoine a shainmhíneáir mar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’?
2. I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist go hiomlán nó go páirteach, an gá Airteagal 2(2)(a) agus (b) a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn gurb ionann an scéim a bhfuil tuairisc uirthi sa chás seo agus idirdhealú díreach nó indíreach?

<sup>(1)</sup> Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000, L 180, lch. 22).

### Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunale di Bologna (an Iodáil) a taisceadh an 21 Iúil 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne OB

(Cás C-460/23, Kinshasa <sup>(1)</sup>)

(2023/C 338/17)

Teanga an cháis: an Iodáilis

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale di Bologna

### Páirtí sna príomhimeachtaí

OB

### Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) An gcuirtear cosc le Cairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1) d, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoine dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine choirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 7 di, ar fhorálacha Threoir 2002/90/CE <sup>(2)</sup> agus Chinneadh Réime 2002/946/CGB <sup>(3)</sup> (arna cur chun feidhme i ndlí na hIodáile leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Fhoraithe Reachtach Uimh. 286 <sup>(4)</sup>), a mhéid a fhorchuirtear ar na Ballstáit pionós coiriúil a fhoráil maidir le haon duine a éascaíonn d'aon ghnó gníomhartha, nó a ghlacann páirt iontu d'aon ghnó, atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraíthe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, d'oibleagáid ar Bhallstáit iompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraíthe atá dírithe ar chúnadh daonnúil a sholáthar don náisiúnach eachtrach a eisiamh ó choiriúil?
- 2) An gcuirtear cosc le Cairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 52(1) di, arna léamh i gcomhar leis an gceart chun saoirse agus an ceart chun maoine dá dtagraítear in Airteagal 6 agus Airteagal 17 di agus na cearta chun beatha agus sláine choirp dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 di, an ceart chun tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 18 di agus meas ar shaol an teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 7 di, ar na forálacha maidir le cion coiriúil a leagtar síos in Airteagal 12 de Fhoraithe Reachtach Uimh. 286, a mhéid a ghearrtar pionós ar iompar duine a dhéanann gníomhartha atá beartaithe chun iontráil neamhúdaraíthe náisiúnach eachtrach ar chríoch an Aontais a éascú, fiú i gcás ina ndéantar an t-iompar ar bhonn neamhbhrabúis, gan foráil a dhéanamh, ag an am céanna, maidir le hiompar lena n-éascaítear iontráil neamhúdaraíthe atá dírithe ar chúnadh daonnúil a sholáthar do náisiúnach eachtrach a eisiamh ó choiriúil?

<sup>(1)</sup> Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

<sup>(2)</sup> Treoir ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainítear éascú teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe (IO 2002 L 328, lch. 17).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Réime ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraíthe (IO 2002 L 328, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Foraithe Reachtach Uimh. 286 an 25 Iúil 1998 (Acht comhdhlúite Forálacha lena rialaítear inimircigh agus stádas náisiúnaigh tríú tír).